



GRÚPÁLACHA EORPACHA UM CHOMHAR CRÍOCHACH (GECCANNA)

Cuireadh na Grúpálacha Eorpacha um Chomhar Críochach (GECCanna) ar bun chun comhar trasteorann, trasnáisiúnta agus idir-réigiúnach idir na Ballstáit nó a n-údaráis réigiúnacha agus áitiúla a éascú. Cuireann GECCanna ar chumas na gcomhpháirtithe tionscadail chomhphárteacha a chur chun feidhme, saineolas a roinnt agus feabhas a chur ar chomhordú na pleanála spásúlachta.

BUNÚS DLÍ

Rialachán (AE) Uimh. 1082/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le grúpáil Eorpach um chomhar críochach (GECC).

Rialachán (AE) Uimh. 1302/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1082/2006 maidir le grúpáil Eorpach um chomhar críochach (GECC) a mhéid a bhaineann le bunú agus feidhmiú grúpálacha den sórt sin a shoiléiriú, a shimpliú agus a fheabhsú.

CÚLRA

Is é an cuspóir atá ag GECC ná comhar críochach a éascú agus a chur chun cinn, go háirithe idir a chomhaltaí, lena n-áirítear ceann amháin nó níos mó de na sraitheanna comhair trasteorann, trasnáisiúnta agus idir-réigiúnacha, agus é mar aidhm aige comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a neartú in AE.

Tríd is tríd, tá cúraimí GECC ag teacht leis na cuspóirí a leagtar amach thuas. Féadfar a áireamh ar na cúramaí gníomhartha sonracha maidir le comhar críochach idir a chomhaltaí, le tacaíocht airgeadais ón Aontas nó dá huireasa. Féadfaidh sé go gcuirfí de chúram ar EGTC cláir atá cómhaoinithe ag an Aontas Eorpach a chur chun feidhme, trí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, trí Chiste Sóisialta na hEorpa agus/nó tríd an gCiste Comhtháthaithe, nó tionscadail chomhair trasteorann eile a d'fhéadfadh a bheith nó gan a bheith á maoiniú ag AE. Roinnt samplaí de ghníomhaíochtaí den sórt sin ná saoráidí iompair trasteorann nó ospidéal a reáchtáil, tionscadail forbartha trasteorann a chur chun feidhme nó a bhainistiú, agus saineolas agus dea-chleachtas a roinnt.



STRUCHTÚR

Is féidir GECC a chruthú má tá na comhpháirtithe bunaithe in dhá Bhallstát ar a laghad (nó Ballstát amháin agus tír amháin nó níos mó nach tír de chuid an Aontais í nó iad) a bhaineann le ceann amháin nó níos mó de na catagóirí seo a leanas:

- Ballstáit nó údaráis ar an leibhéal náisiúnta;
- údaráis réigiúnacha;
- údaráis áitiúla;
- gnóthais phoiblí nó comhlachtaí arna rialú faoin dlí poiblí;
- gnóthais arb é a gcúram seirbhísí ar mhaithe leis an leas eacnamaíoch i gcoitinne a oibriú;
- údaráis náisiúnta, réigiúnacha nó áitiúla, nó comhlachtaí nó gnóthais ó thríú tíortha (faoi réir coinníollacha sonracha);
- comhlachais atá comhdhéanta de chomhlachtaí a bhaineann le ceann amháin nó níos mó de na catagóirí sin.

Tá pearsantacht dhlíthiúil ag GECCanna agus rialaítear le coinbhinsiún arna thabhairt i gcrích d'aon toil ag a gcomhaltaí iad. Gníomhaíonn GECCanna thar ceann a gcomhaltaí, a ghlacann a gcuid reachtanna trí bhíthin coinbhinsiúin speisialta ina dtugtar tuairisc ar eagrúchán agus gníomhaíochtaí GECC. Mar íoscheanglas, caithfear dhá orgán a bheith ag GECC: comhthionól comhdhéanta d'ionadaithe de chuid a chomhaltaí agus stiúrthóir a bheadh mar ionadaí de chuid GECC agus a ghníomhódh thar a cheann.

Thairis sin, tá cumhachtaí GECCanna teoranta ag cumhachtaí faoi seach a gcomhaltaí. Ní féidir cumhachtaí údaráis phoiblí, amhail cumhachtaí ceapadh beartais agus rialála, a aistriú chuig GECC.

Glacann an comhthionól na meastacháin do bhuiséad bliantúil GECC. I dtaca leis sin, déanann saineolaithe neamhspleácha tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí a fhoilsiú agus a dheimhniú. Tá na comhaltaí faoi dhliteanas airgeadais i gcomhair aon fhiacha i gcomhréir lena gcuid ranníocaíochtaí leis an mbuiséad.

A BHFUIL BAINTE AMACH

Déanann Coiste na Réigiún clár GECC a bhainistiú. Go dtí seo, cuireadh 68 GECC ar bun.

Tá GECC amháin ann (an Gréasán Eorpach um Eolas Uirbeach) nach bhfuil teorainn gheografach á roinnt le chéile ag a chomhaltaí. Is ardán é an GECC seo chun saineolas agus smaointe a roinnt i réimse na forbartha uirbí.

I dtuarascáil uaidh (Aibreán 2018) ar chur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 1082/2006 (Rialachán GECC), dhearbhaigh an Coimisiún go bhfuil breisluach Eorpach ag baint leis an ionstraim: maidir le comhar idir comhaltaí GECC as Ballstáit éagsúla agus tríú tíortha, éascaítear an chinnteoireacht agus cuireann sé le comhfhorbairt na gculpóirí



agus na straitéisí thar theorainneacha náisiúnta. Tá fás seasta ag teacht ar GECCanna agus ballraíochtaí GECCanna ar fud AE agus tá a n-úsáidí ag méadú. Mar thoradh ar na hathruithe ar Rialachán GECC in 2013, tá baint ag GECCanna le cláir agus tionscadail éagsúla maidir le comhar críochach Eorpach (INTERREG) anois, agus le cláir eile de chuid an bheartais chomhtháthaithe a chur chun feidhme, mar shampla i réimse na forbartha tuaithe.

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Tá Rialachán GECC faoi réir an ghnáthnós imeachta reachtaigh. Mar sin, tá Parlaimint na hEorpa tar éis gníomhú mar chomhrechtóir, ar chomhchéim leis an gComhairle. Cuireadh an méid seo a leanas san áireamh sa rialachán: iarrataí na Parlaiminte maidir le sainmhíniú soiléir a thabhairt ar an gcomhar críochach, an gá atá le leagan amach dhlíteanas airgeadais na mBallstát a mhíniú go soiléir, chomh maith leis an dlínse agus na rialacha lena rialaítear foilsíú agus/nó clárú reachtanna GECC. Mar aon leis sin, ghlac an Chomhairle le moladh na Parlaiminte gur cheart GECC a rialú le dlí an Bhallstáit ina bhfuil oifig chláráithe ag GECC.

Faoi dheireadh 2013, leasaíodh Rialachán GECC. Bhí sé mar aidhm leis an leasú seo na rialacha atá ann cheana a shoiléiriú, agus bunú agus feidhmiú GECC a dhéanamh níos simplí agus rannpháirtíocht na dtríú tíortha a dhéanamh níos soiléire. Tá feidhm ag Rialachán athbhreithnithe GECC seo ón 22 Meitheamh 2014.

D'fhonn úsáid na hionstraime a éascú, chuir Parlaimint na hEorpa béim ar naisc a bhunú le GECCanna trí ionstraimí beartais éagsúla, amhail beartas comhtháthaithe. D'éirigh leis an bParlaimint freisin a áirithiú, faoin gcreat reachtach a rialaíonn an chlárthréimhse 2014-2020, gur féidir le hionadaithe GECC a bheith ina suí ar choistí faireacháin na gclár.

D'ainneoin forbairtí dearfacha maidir le húsáid na n-ionstraimí seo, creideann an Parlaimint go bhfuil réimse inar féidir feabhas a dhéanamh: i rún an 11 Meán Fómhair 2018 maidir le fás agus comhtháthú a threisiú i réigiúin teorann AE^[1], is oth leis an bParlaimint nach bhfuil leas iomlán á bhaint as acmhainneacht GECCanna. D'fhéadfadh sé gurb amhlaidh an cás go páirteach mar gheall ar agúis na n-údaráis réigiúnacha agus áitiúla, agus, go páirteach, mar gheall ar a bhfaitíos go n-aistreofaí inniúlachtaí agus easpa feasachta ar a n-inniúlachtaí faoi seach. Ina theannta sin, iarann an Pharlaimint ar an gCoimisiún bearta a mholadh chun na bacainní a bhaineann le cur i bhfeidhm níos éifeachtaí d'ionstraim GECC a shárú.

Diána Haase
05/2019

[1]Téacsanna a glacadh, [P8_TA\(2018\)0327](#).

